

ACHOIMHRE AR AN BPÁIPÉAR
COMHAIRLIÚCHÁIN

**DLITEANAS CLUBANNA,
CUMAINN AGUS
COMHLACHTAÍ
NEAMHCHORPRAITHE EILE**

(ACHOIMHRE LRC 68 – 2022)

DLITEANAS CLUBANNA, CUMAINN AGUS COMHLACHTAÍ
NEAMHCHORPRAITHE EILE

ACHOIMHRE AR AN BPÁIPÉAR COMHAIRLIÚCHÁIN

**DLITEANAS CLUBANNA, CUMAINN AGUS
COMHLACHTAÍ NEAMHCHORPRAITHE EILE**

© An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí 2022

Teach Styne, Sráid Haiste Uachtarach, Baile Átha Cliath, D02 DY27

T. + 353 1 637 7600

info@lawreform.ie

<http://www.lawreform.ie>

Twitter: [@IrishLawReform](https://twitter.com/IrishLawReform)

Athchóiriú ar an Dlí

Is é an aidhm atá againn dlí na hÉireann a athbhreithniú agus tograí a dhéanamh maidir le hathchóiriú. Oibrímid freisin ar an dlí a nuachóiriú ionas go mbeidh sé níos éasca teacht air agus é a thuiscint. Forbraítear ár gcuid tograí i bpróiseas, agus is í an chéad chéim sa phróiseas seo ná Páipéar Comhairliúcháin. I bPáipéir Chomhairliúcháin, déantar an dlí a scrúdú agus leagtar amach ceisteanna faoi athruithe féideartha ar an dlí. A luaithe a fhoilsítear Páipéar Comhairliúcháin, iarraimid aighneachtaí ar athruithe féideartha ar an dlí. Téimid i gcomhairle go forleathan, déanaimid machnamh ar na haighneachtaí a fuairamar agus ansin foilsímid Tuarascáil ina leagtar amach anailís agus moltaí an Choimisiúin.

Tá go leor de na hathruithe a rinneadh ar dhlí na hÉireann mar thoradh ar go leor de mholtaí an Choimisiúin.

Déantar foráil dár sainordú sa dlí

Bunaíodh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí leis an Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí 1975 chun an dlí a choimeád faoi athbhreithniú neamhspleách, oibiachtúil agus saineolach.

Is féidir leat ár bhfoilseacháin uile a léamh ar www.lawreform.ie.

Rochtain ar Reachtaíocht

Déanaimid reachtaíocht níos inrochtana don phobal. Déanaimid é seo trí thrí acmhainn a chur ar fáil:

An tEolaire Reachtaíochta Is eolaire ar líne é de leasuithe ar reachtaíocht phríomha agus thánaisteach, eolaire ina bhfuil faisnéis ghaolmhar thábhachtach.

Na hAchtanna Athbhreithnithe déantar gach leasú agus athrú ar Acht a thabhairt le chéile in aon téacs amháin ar féidir leat cuardach a dhéanamh air ar líne. Ina measc tá:

Na hAchtanna Athbhreithnithe Roghnaithe a achtaíodh roimh 2005, agus gach Acht arna leasú go téacsúil a achtaíodh ó 2005 air (seachas na

COIMISIÚN NA hÉIREANN UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ

hAchtanna Airgeadais agus an tAcht Comhdhlúthaithe Leasa Shóisialaigh 2005. Tá Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh athbhreithnithe á ullmhú).

An Liosta Rangaithe Is bunachar sonraí ar líne é de gach Acht den Oireachtas atá fós i bhfeidhm eagraithe i 36 ceannteideal nó teideal ábhar-bhunaithe. Leis an Liosta Rangaithe tá sé níos éasca reachtaíocht ghaolmhar ar ábhar áirithe a aimsiú. Is é an t-aon acmhainn atá ar fáil go poiblí ina ndéantar é seo.

Ina theannta sin, táimid ag leanúint leis an gClár um Athbhreithniú ar Dhlí Reachtúil a bhfuil sé mar aidhm aige reachtaíocht atá as feidhm lena aisghairm a aithint. Le linn thréimhse an ráitis straitéise seo leanfaimid leis an obair a tosaíodh in 2019 maidir le reachtaíocht thánaisteach a rinneadh idir 1821 agus 1922.

CLÁR ÁBHAIR

ACHOIMHRE	3
<i>Cúlra agus Comhthéacs</i>	4
<i>Cuspóirí an Choimisiúin</i>	6
<i>Réiteach Amháin: Cuideachta Faoi Theorainn Ráthaíochta (CFTR)</i>	7
<i>Moltaí Athchóirithe Dlí</i>	8
Breac-chuntas ar an Pháipéar Comhairliúcháin	10

ACHOIMHRE

1. Tá an Páipéar Comhairliúcháin seo mar chuid den Chúigiú Clár um Athchóiriú an Dlí.¹ Scrúdaíonn sé an dlí ar dhliteanas sibhialta agus cóiriúila mar a bhaineann sé le clubanna, cumainn agus comhlachtaí neamhchorpraithe eile. Tá cuid mhór de na grúpaí sin, atá sa tóir ar suimeanna reiligiúnach, spóirt nó fóillíochta atá eagraithe gan a bheith corpraithe mar chomhlacht. Níl aon phearsantacht dhlíthúil ar leith ag comhlachtaí neamhchorparáide atá éagsúil óna chuid comhaltaí.
2. Tá cuid mhór clubanna, cumainn, comhlachtaí agus oird rialta nach fheiceann buntáiste ar bith le corprú mar chomhlacht. Braitheann siad ar obair dheonach agus ba mhian leo na costais agus an maorlathas ag baint le struchtúir níos foirmeálta a sheachaint. Áfach, tá iarmhairtí dlíthúila éagsúla ag baint le seo. Ciallaíonn sé:

¹ Coimisiún Um Athchóiriú an Dlí, *Tuarascáil: An Cúigiú Clár Um Athchóiriú An Dlí* (LRC 120-2019).

- (a) gur feidir le comhaltaí a bheith faoi dhliteanas pearsanta i leith gníomh éagórach déanta ag comhaltaí eile.
 - (b) nach bhfuil comhalta de chuid comhlacht neamhchorpraithe in ann an dlí a chur air, toisc gurbh é é féin a mbeadh an cás tugtha ina gcoinne, i ndáirire.
 - (c) go bhfuil sé iontach deacair an dlí a chur ar chomhlachtaí neamhchorpraithe, mar ní fhéadfaidh comhlacht neamhchorparáide agra a dhéanamh, agus ní féadfar agra a dhéanamh ina choinne ina ainm féin; in ionad sin, caithfidh comhaltaí aonair a bheith aitheanta.
 - (d) mar nach bhfuil aon phearsantacht dhlíthúil ar leith ag comhlachtaí neamhchorparáide, caithfidh iontaobhais a bheith bunaithe, trína a shealbhaítear maoin chun tairbhe don chumann. D'fhéadfadh sé sin a chiallú go sealbhaítear sócmhainní in ainm comhlacht neamhchorpraithe agus nach mbeadh siad ar fáil do dhlíthí nó do rialtóirí.
3. Sa Pháipéar Comhairliúcháin seo, léiríonn an Coimisiún bealach reatha chun chosaint dhleathach a chinntiú in aghaidh dliteanas pearsanta: Cuideachta Faoi Theorainn Ráthaíochta (CFTR). Ina theannta sin, molann sé líon athchóirithe atá indéanta chun an dlí ar dhliteanas comhlachtaí neamhchorpraithe a dhéanamh níos soiléire, níos cothroime agus níos éasca a fhorfheidhmiú.

Cúlra agus Comhthéacs

4. Tugadh aitheantas don gá atá ann dliteanas comhlachtaí neamhchorpraithe a athbhreithniú sa chinneadh a rinne an Chúirt Uachtarach in 2017, i *Hickey v McGowan*.² Sa chás sin, chuir an gearánaí i leith go ndearna comhalta de chuid an Oird Mhuirigh de Bhráithre Reiligiúnacha, comhlacht neamhchorpraithe, mí-úsáid gnéis air idir 1968 agus 1972. Dhearbhaigh an Chúirt nach raibh an gearánaí i dteideal breithiúnas a fhail i gcoinne an Oird, cé go raibh

² [2017] IESC 6, [2017] 2 IR 196.

DLITEANAS CLUBANNA, CUMAINN AGUS COMHLACHTAÍ
NEAMHCHORPRAITHE EILE

sé i dteideal breithiúnas a fháil i gcoinne daoine indibhidiúla a bhí ina gcomhalta de chuid an Oird idir 1968 agus 1972, ar bhonn an dhliteanais ionadaigh a bhaineann leo mar ghrúpa.

5. Go bunúsach, ciallaíonn *Hickey v McGowan* nach feidir le comhlacht neamhchorpraithe a bheith faoi dhliteanas maidir le cion déanta ag a chuid comhaltaí ag gníomhú ar a shon. Thig le dliteanas pearsanta bheith i gceist maidir leis an duine le freagracht air agus, ag brath ar na himthosca, le comhaltaí eile de thoradh a dliteanais ionadaigh.
6. Tá sé deacair fiú a bheith cinnte cé atá (nó cé a bhí) ina gcomhalta de comhlacht ag tráth áirithe agus is é sin ceann de na constaicí do dhaoine ag déileáil le nó ag dhéanamh dlíthíocht i gcoinne comhlachtaí neamhchorpraithe.
7. An ghné is suntasaí faoi dhliteanas cumann neamhchorpraithe ná go bhfuil sé doiléir. Tá iarmhairtí ag an easpa soiléireachta i ngach réimse dlí ina bhfuil comhlacht neamhchorpraithe páirteach:
 - (a) **Dlí na gConarthaí:** Ní feidir le comhlacht neamhchorpraithe bheith ina pháirtí i gconradh. Is iad iontaobhaithe, oifigigh clubanna nó comhaltaí eile a dhéanann Conradh ar son an comhlacht seachas ina ainm féin. D'fhéadfadh sé seo a bheith míshásúil dóibh siúd a shíneann an Conradh ar son an comhlacht neamhchorpraithe. Áfach, níl sé sásúil i leith tríú páirtithe atá ag iarraidh Conradh a dhéanamh le comhlachtaí neamhchorpraithe, mar nach bhfuil sé soléir cé atá faoi dhliteanas i leith sárú conartha. Cé gur chreideann soláthróirí agus conraitheoirí go bhfuil said ag déanamh Conradh leis an gcomhlacht, ní hé sin an réaltacht go dleathach.
 - (b) **Comhlíonadh reachtúla:** go minic, airbheartaíonn reachtaíocht go bhfuil feidhm aige i leith comhlachtaí neamhchorpraithe ach ní shonraíonn sé conas atá feidhm ag an dlí ar chomhlacht nach bhfuil aon phearsantacht dhlíthúil ar leith aige atá éagsúil óna chuid comhaltaí. Ina theannta sin, ní shonraíonn reachtaíocht cén tslí go

díreach gur feidir le comhlacht neamhchorpraithe a bheith faoi dhliteanas.

- (c) **Úinéireacht Maoine:** Ní feidir le maoín a bheith faoi úinéireacht an comhlachta. Seachas sin, caithfidh teideal dlí chuig an maoín sin a bheith ar seilbh ag iontaobhaí nó ag comhaltaí aonair le haghaidh agus thar ceann an comhlachta neamhchorpraithe. Cruthaíonn sin deachrachaí rochtain ar shócmhainní airgeadais d'urscaoileadh dliteanas.

- (d) **Forfheidhmiú Choiriúil agus Rialála:** Ní dhearnadh mionscrúdú go fóill ar an fhéidearthacht go bhféadfaí an dlí choiriúil agus rialála a oiriúnú go sainráite chun comhlachtaí neamhchorpraithe a chuimsiú nó chun leagan síos conás fineáil a ghearradh orthu. D'fhéadfadh sé a bheith inmhianta socrú a dhéanamh maidir le dliteanas coiriúil a bheadh ag comhlachtaí neamhchorpraithe atá éagsúil óna chuid comhaltaí, ar shampla, maidir le dlí sláinte agus sábháilteachta. Ina theannta sin, ní dhearnadh mionscrúdú maidir le nósanna imeachta coiriúla ó thaobh comhlachtaí neamhchorpraithe de.

Cuspóirí an Choimisiúin

- 8. Tá an Coimisiún ag iarraidh roinnt cuspóirí a bhaint amach sa réimse seo:
 - (a) soiléireacht a thabhairt ar dhliteanas comhlachtaí neamhchorpraithe
 - (b) suimeanna tríú pairtíthe a dhéileáil le comhlachtaí neamhchorpraithe a chosaint
 - (c) sócmhainní comhlachtaí neamhchorpraithe a chur ar fáil chun a chuid freagrachtaí a fheidhmiú
 - (d) cinntiú go bhféadfaidh agra á dhéanamh i gcoinne comhlacht neamhchorparáide ina ainm féin

DLITEANAS CLUBANNA, CUMAINN AGUS COMHLACHTAÍ
NEAMHCHORPRAITHE EILE

- (e) soiléireacht a thabhairt ar dhliteanas phearsanta chomhalta de chuid comhlacht neamhchorpraithe
- (f) soiléireacht a thabhairt ar infheidhmeacht reachtaíochta maidir le comhlachtaí neamhchorpraithe
- (g) áirithiú go bhfuil an reachtaíocht in ann fheidhmiú ó thaobh comhlachtaí neamhchorpraithe de
- (h) áirithiú go mbeidh comhalta de chuid comhlacht neamhchorpraithe in ann an dlí a chur air
- (i) an t-ualach rialála a laghdú.

Réiteach Amháin: Cuideachta Faoi Theorainn Ráthaíochta (CFTR).

9. Léiríonn an Coimisiún gurb é an Cuideachta Faoi Theorainn Ráthaíochta (CFTR) a tugadh isteach le hAcht na gCuideachtaí, 2014, bealach reatha chun chosaint dhleathach a chinntiú do chomhaltaí de chuid comhlacht neamhchorpraithe agus do tríú pairtíthe ag déileáil leo. Níl aon scairchaipiteal ag an CFTR. Tugann sé dliteanas teoranta agus na buntáistí atá ag baint le phearsantacht dhlíthúil ar leith, a chiallaíonn gur feidir le comhlachtaí eagraithe mar CFTR sócmhainní a bheith acu gan iontaobhaithe a úsáid, Conradh a dhéanamh, agra a dhéanamh, agus go bhféadfar agra a dhéanamh ina choinne ina ainm féin.
10. Maidir le comhlachtaí neamhchorpraithe atá níos lú, neamhthuarimeach agus ag déanamh gníomhaíochtaí le riosca íseal, is minic a bhreathnaítear ar chorprú mar rud neamhriachtanach agus mar easpa achmhainní. Áfach, do chomhlachtaí níos mó le sócmhainní ar úinéireacht acu, a dhéanann conarthaí agus a n-oibríonn le fostaithe (nó saorálaithe atá cosúil le fostaithe), is molta amháin é an CFTR chun réiteach na fadhbanna atá aithníthe ag baint le gan a bheith corpraithe mar chomhlacht.

Moltaí Athchóirithe Dlí

11. Admhaíonn an Coimisiún go bhfuil costais agus ualaí rialála a bhaineann le corprú mar CFTR. Dá bhrí sin, tá breithniú déanta ag an gCoimisiún ar bhealaí eile chun cosaint a bhaint amach do chomhaltaí agus do thríú páirtithe a dhéileálann le comhlachtaí neamhchorpraithe atá oiriúnach do ghrúpaí nar mhaith leo corprú. Tá trí mhúnla leathana don athchóiriú dlí molta ag an gCoimisiún:

Múnla 1: Reachtaíocht a dhéanamh chun “cumann cláraithe neamhbhrabúis” a chruthú trína bhféadfaí pearsantacht dhlíthúil ar leith a ghnóthú trí chlárú;

Múnla 2: Pearsantacht dhlíthúil a thabhairt do chomhlachais neamhchorpraithe a chomhlíonann critéir shonraithe; agus;

Múnla 3: Ná tabhair pearsantacht dhlíthúil, ach sonraigh conas a bheidh cumainn neamhchorpraithe faoi dlíteanas i gconradh, i tort agus i gcionta, le sraith athchóirithe dírithe nach n-athraíonn stádas dlíthúil comhlachtaí neamhchorpraithe.

12. Beag beann ar an bhfoirm dhlíthúil atá ag club, cumann nó comhlacht neamhchorpraithe eile, d’féadfaí úsáid iontaobhais go bhfuil cistí agus sócmhainní á choimeád ó dlíthithe.
13. Is ceist achrannach é sin do chomhlachtaí agus ó thaobh tríú páirtithe de. Sa chinneadh a rinne an Chúirt Uachtarach i *Hickey v McGowan*, thug O’Donnell B aitheantas don gá atá ann dlíteanas comhlacht neamhchorpraithe a athbhreithniú, agus dúirt sé más rud é gur éirí le cosantóir an dlí a chur ar chomhaltaí de chuid comhlacht neamhchorpraithe:

“... tá na breithiúnais faoi leith, agus bíodh árachas nó sócmhainní comhlachtaí neamhchorpraithe curtha ar fáil chun freagrachtaí a fheidhmiú nó ná bíodh, a bhraithfí ar na téarmaí árachais, na téarmaí ina shealbhaítear sócmhainní, agus b’fhéidir toilteanas agus cumas an oird chun cistí a chur ar fáil. Ba cheart go measfadh dóibh siúd

DLITEANAS CLUBANNA, CUMAINN AGUS COMHLACHTAÍ
NEAMHCHORPRAITHE EILE

atá freagrach as athchóirithe dlí más staid inmhianta atá ann faoi láthair nó más gá athrú.”³

14. Cé gur feidir le iontaobhaithe rochtain ar maoin iontaobhais a shealbhaítear chun críocha ginearálta an comhlacht neamhchorpraithe mar gheall ar dhliteanais, mar shampla, d’fhéadfadh nach bhfuil siad in ann rochtain ar iontaobhais charthanúil gan idirghabháil ar bhonn reachtúil.
15. San Astráil, tugadh aghaidh ar an gceist seo sa chás *Iontaobhaithe Eaglais Chatoiliceach Rómhánach v Ellis agus Eile*,⁴ ina dhearbhaigh an Chúirt Achomhairc sa Bhreatain Bheag Theas Nua nach bhféadfaidh comhlacht neamhchorparáide agra a dhéanamh, agus ní fhéadfar agra a dhéanamh ina choinne mar nach bhfuil aon phearsantacht dhlíthúil ar leith aige. Dhearbhaigh an Chúirt nach fhéadfar maoin iontaobhais a úsáid chun freagrachtaí an Eaglais a fheidhmiú, cé gur raibh sé i seilbh ar iontaoibh. Tugadh an “Cosaint Ellis” air.
16. Tar éis moltaí de chuid Coimisiún Ríoga san Astráil le freagartha institiúidí do mí-úsáide gnéasaí leana á himscrúdú⁵, agus le dul i ngleic leis an éagóir braite sin, tugadh reachtaíocht isteach le príomhchuspóir go mbeadh cosantóir oiriúnach ainmithe i gcasanna mar sin, agus le cinntiú go n-úsáidfear sócmhainní iontaobhais chun freastal ar dhliteanais. D’fhéadfadh sin dul i ngleic le deacrachtaí ag baint le dliteanas ionadaigh agus cinnteoidh sé go mbeadh sócmhainní comhlachtaí neamhchorpraithe curtha ar fáil chun a chuid freagrachtaí a fheidhmiú.

³ [2017] IESC 6 ag alt 57, [2017] 2 IR 196 ag alt 58.

⁴ *“Iontaobhaithe Eaglais Chatoiliceach Rómhánach v Ellis agus Eile”* [2007] NSWCA 117, (2007) 70 New South Wales Law Reports 565.

⁵ An “Royal Commission into Institutional Responses to Child Sexual Abuse” mar a chuirtear air i mBéarla.

Breac-chuntas ar an Pháipéar Comhairliúcháin

1. Caibidil a hAon – Tugann an Coimisiúin achoimhre ar chomhlachtaí neamhchorpraithe agus ar eagraíochtaí inchomparáide.

2. Caibidil a Dó – Scrúdaíonn sé dliteanas sibhialta comhlachtaí neamhchorpraithe.

3. Caibidil a Trí - Scrúdaíonn sé na fadhbanna dlíthiúla agus praiticiúla ag baint le sannta airbheartaithe do dhliteanas coiriúil ar chomhlachtaí neamhchorpraithe ó thaobh cionta éagsúla.

4. Caibidil a Ceathair – Cuirtear béim ar an gcur chuige glactha i dtíortha éagsúla. Mínítear moltaí d'athchóiriú dlí le réitiú na fadhbanna móra ag eascairt as an easpa soiléireachta maidir le dliteanas comhlachtaí neamhchorpraithe. Cuimsíonn na moltaí seo na deachrachaí ag baint le iontaobhais.

Tá formáid an Pháipéar seo ar bhealach beagáinín difriúil ón Pháipéir Chomhairliúcháin de chuid an Choimisiúin a tháinig roimhe sin. Fiafraítear ceisteanna ag an deireadh, mar go bhfuil na ceisteanna sibhialta, cóiriúla agus rialála fite fuaite ina chéile, mar aon leis na réitigh. Áirítear moltaí d'athchóiriú dlí sa Chaibidil Dheireanach a leagan amach cur chuige comparáideacha agus atá ag lorg tuarimí maidir leis na hathchóirithe a d'fhéadfadh a bheith molta ag an gCoimisiún.

